

Coinníollacha Socruithe
Idirthréimhseacha um
Chleachtadh

Gairmiúil Iarcháilíochta 2023/2024

Meán Fómhair 2023

An Chomhairle
Mhúinteoireachta



The Teaching Council

Is é *Droichead* an próiseas ionductaithe comhtháite do mhúinteoirí agus tá sé ar fáil do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile araon. Tá na próisis thraidisiúnta Promhaidh, Fostaíochta Iarcháilíochta (FIC) agus an Clár Ceardlainne Ionductaithe tugtha chun críche nó á gcur i gcrích de réir a chéile. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gurb é *Droichead* an t-aon bhealach ionductaithe do gach múinteoir bunscoile agus iar-bhunscoile atá cláraithe ón 1 Meitheamh 2020.

Le linn na tréimhse fáis seo cuireann an Chomhairle roinnt beart ar fáil chun tacú leis na múinteoirí agus leis na scoileanna.

Leagtar amach sa doiciméad seo na roghanna maidir leis na nithe seo a leanas:

- múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile a chláraigh le coinníollacha roimh 01 Meitheamh 2016 agus a chuir tús lena gcoinníollacha um chleachtadh iarcháilíochta gairmiúil a chomhlíonadh le linn na céime píolótaí de *Droichead*.
- múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile a chláraigh le coinníollacha traidisiúnta Promhaidh, FIC agus Clár Ceardlainne Ionductaithe ar agus tar éis 01 Meitheamh 2016 agus roimh 01 Meitheamh 2020.
- múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile a chláraigh le coinníoll *Droichead* ar agus tar éis 01 Meitheamh 2020.

Socraítear na roghanna atá ar fáil do gach múinteoir ag:

- socrú na fostaíochta m.sh., bunscoil, iar-bhunscoil, MOS srl.
- fad na fostaíochta m.sh., conradh/tairiscint fostaíochta.
- na coinníollacha a ghabhann le clárú an mhúinteora.

Nósanna Imeachta agus Critéir Coinníollacha um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta 2023/2024

Ba chóir na Socruithe Idirthréimhseacha seo a léamh i gcomhar le *Gnásanna agus Critéir Choinníollacha um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta 2023/2024* a leagann amach na nósanna imeachta don *Droichead* agus do na próisis thraidisiúnta (FIC agus Clár Ceardlainne Ionductaithe). Tugann sé sonraí iomlána freisin faoi na socruithe agus incháilitheacht do gach ceann de na próisis; Cuid 2.1.2 *Droichead*; Cuid 3.2.1 Fostaíocht Iarcháilíochta (FIC). Tá eolas ar an bpróiseas oidhreachta Promhaidh ar fáil sna hAguisíní.

Mar riail ghinearálta, táthar ag súil go gcuirfidh múinteoirí a bhfuil conarthaí fostaíochta oiriúnacha acu, an próiseas *Droichead* i gcrích.

Ba cheart gach ceist maidir le coinníollacha a ghabhann le clárúcháin a chur ar ríomhphost chuig conditions@teachingcouncil.ie.

1 Bunscoil

1.1 Achoimre ar Roghanna 2023/2024 (*Droichead*)

SÚÍOMH	SOCRÚ CONARTHA/OIBRE	CÉN PHRÓISEAS?
Gach Bunscoil lena n-áirítear Scoileanna Oideachais Speisialta	Conradh/tairiscint fostaíochta 60 lá as a chéile nó níos mó	Is é an próiseas <i>Droichead</i> an t-aon bhealach chun tabhairt faoi chlárú iomlán
Gach Bunscoil lena n-áirítear Scoileanna Oideachais Speisialta	Conradh postroinnte don scoilbhliain iomlán nó conradh 12.5 uaire íosmhéid in aghaidh na seachtaine don scoilbhliain iomlán	Is é an próiseas <i>Droichead</i> an t-aon bhealach chun tabhairt faoi chlárú iomlán agus leanann sé ar aghaidh don bhliain acadúil iomlán

*Ó Mhí Mheán Fómhair 2020, ní bheidh an Chigireacht ag éascú an phróisis phromhaidh a thuilleadh thar ceann na Comhairle Múinteoireachta.

1.2 Promhadh críochnaithe go páirteach

Féadfaidh múinteoir a chríochnaigh an chéad 50 lá den phróiseas promhaidh faoin gCigireacht agus a chaithfidh an 50 lá deiridh a chríochnú, nó múinteoir a bhí páirteach sa phróiseas promhaidh roimhe seo ach nach bhfuair toradh rathúil:

1.2.1 *Droichead* a chríochnú má tá siad fostaithe ar feadh 60 lá nó níos mó i suíomh incháilithe.

NÓ

1.2.2 ar bhonn eisceachtúil, *Droichead* a chríochnú má tá siad fostaithe ar feadh 50-59 lá i suíomh incháilithe mura gcomhlíonann an fostaíocht an riachtanas 60 lá. I gcásanna den sórt sin, déanfar an 50 lá nó níos mó seirbhíse a críochnaíodh i leith promhaidh a aithint mar chreidmheas 10 lá ar a mhéad i dtreo riachtanas 60 lá *Droichead*.

NÓ

1.2.3 *Droichead* a chríochnú laistigh de 50 lá ar a laghad má chuir an múinteoir tús leis an bpróiseas promhaidh le linn na scoilbhliana 2019/2020. (Nóta 3)

Tabhair faoi deara iad seo a leanas le do thoil:

Nóta 1: Má chomhlánaítear 1.2 thuas, cuirfear deireadh le coinníoll *Droichead* agus le coinníollacha traidisiúnta Chlár na gCeardlann Promhaidh agus Ionduchtaithe nuair a chuirtear isteach chuig an gComhairle Mhúinteoireachta iad agus nuair a ghlactar le Foirm D chomhlánaithe ar líne.

Nóta 2: Tá suíomhanna incháilithe do bhunscoileanna leagtha amach i gCuid 2.1.2 (*Droichead*) de *Gnásanna agus Critéir um Coinníollacha um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta 2023/2024*.

Nóta 3: Ní mór do mhúinteoirí a bhaineann leas as rogha 1.2.3 a bheith cláraithe le hIonad Oideachais Luimnigh (LEC) don phróiseas promhaidh le linn na scoilbhliana 2019/2020.

1.3 Postroinnt nó conarthaí páirtaimseartha don bhliain acadúil iomlán

Glacfar le hiarratais ar phróiseas *Droichead* don scoilbhliain 2023/2024 do mhúinteoirí atá cláraithe faoi Bhunscoil, nó faoi Bhealach 4 Eile, a bhfuil coinníoll *Droichead* nó Promhaidh ag gabháil lena glárúchán, agus atá:

- 1.3.1 ar chonradh postroinnte ar feadh na bliana acadúla iomlána, lena n-áirítear múinteoirí atá fostaithe mar mhúinteoirí ionaid.
- NÓ
- 1.3.2 ar chonradh páirtaimseartha nach bhfuil níos lú ná dhá uair déag an chloig go leith (12.5 uair) ar feadh na bliana acadúla.

Tabhair faoi deara iad seo a leanas le do thoil:

Nóta 1: Maidir le múinteoirí a chomhlíonann ceachtar de na ceanglais incháilitheachta thuas, glacfaidh an Chomhairle le hiarratais ar phróiseas *Droichead* ar an tuiscint go ndéanfar na hiarratais faoin 30 Meán Fómhair 2023 agus go leanfaidh próiseas *Droichead* feadh na bliana acadúla (m.sh., ní mór do mhúinteoirí iarratas a dhéanamh chun tús a chur le *Droichead* an 30 Meán Fómhair 2023 nó roimhe sin agus ní mór dóibh fanacht ar an bpróiseas go dtí go mbeidh deireadh na bliana acadúla ann).

Nóta 2: Ní mór gach ceanglas eile den phróiseas a chomhlíonadh mura ndíolmhaítear a mhalairt m.sh., Cnuaschruinnithe, gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla, breathnaithe.

Nóta 3: I gcás go bhfuil 2 chonradh páirtaimseartha ar leith ag múinteoir a bhfuil níos mó ná 12.5 uair an chloig ar an iomlán acu don bhliain acadúil iomlán, féadfaidh siad cur isteach ar *Droichead* a luaithe is a aontaíonn an dá scoil leis an bpróiseas agus nuair a bhíonn socrú cnuasach FTG i bhfeidhm, más gá. Ba cheart comhairle a lorg ón gComhairle Mhúinteoireachta trí ríomhphost a chur chuig conditions@teachingcouncil.ie.

Nóta 4: I gcás ina ndéanfar iarratais ar *Droichead* tar éis an spriocdháta, an 30 Meán Fómhair agus nó nach gcoítear leis na ceanglais incháilitheachta ag 1.3.1 agus 1.3.2, ní mheasfar go mbeidh ceanglais *Droichead* comhlíonta agus fanfaidh coinníoll *Droichead* ar chlárú múinteora. Ba chóir don MNC/scoil ríomhphost a chur chuig conditions@teachingcouncil.ie ar mhaithe le comhairle roimh iarratas a dhéanamh ar *Droichead*.

2 Iar-bhunscoil

2.1. Forbhreathnú ar Roghanna (*Droichead & FIC*) do 2023/2024

SUÍOMH	SOCRÚ CONARTHA/OIBRE	CÉN PHRÓISEAS?
Coimeádann an múinteoir clárú leis an gcoinníoll <i>Droichead/FIC</i>		
Gach iar-bhunscoil agus Scoil Oideachais Speisialta a thairgeann ábhair churaclaimiar-bhunscoile	Conradh/tairiscint fostaíochta níos mó ná 200 uair	Is é an próiseas <i>Droichead</i> an t-aon bhealach chun tabhairt faoi chlárú iomlán
	Conradh/tairiscint fostaíochta níos lú ná 200 uair	Is féidir na huaireanta seo a chur i dtreo FIC Teastaíonn an Clár Ceardlann Ionduchtúcháin freisin chun clárúchán iomlán a fháil
Coimeádann an múinteoir clárú leis an gcoinníoll <i>Droichead</i> amháin		
Gach iar-bhunscoil agus Scoil Oideachais Speisialta a thairgeann ábhair churaclaimiar-bhunscoile	Conradh/tairiscint fostaíochta níos mó ná 200 uair	Is é an próiseas <i>Droichead</i> an t-aon bhealach chun tabhairt faoi chlárú iomlán
	Conradh/tairiscint fostaíochta níos lú ná 200 uair	Is é an próiseas <i>Droichead</i> an t-aon bhealach chun tabhairt faoi chlárú iomlán. Níl FIC ar fáil

2.2 Fostaíocht iarcháilíochta (FIC) críochnaithe go páirteach

Féadfaidh múinteoir atá cláraithe leis an gcoinníoll FIC agus a chuir tús leis an bpróiseas FIC roimh 31 Lúnasa 2020 ach nach bhfuil an próiseas críochnaithe aige:

2.2.1 *Droichead* a chríochnú má tá siad fostaithe ar feadh 200 uair nó níos mó i suíomh incháilithe. Bainfidh sé seo an coinníoll de *Droichead* (agus na coinníollacha traidisiúnta FIC agus Clár Ionduchtaithe) ar Fhoirm chomhlánaithe D a chur isteach agus a ghlacadh.

NÓ

2.2.2 FIC a chríochnú i suíomh incháilithe

2.2.2.1 má tá siad fostaithe ar chonradh gearrthéarmach níos lú ná 200 uair an chloig (Nóta 2)

NÓ

2.2.2.2 má tá siad fostaithe ar shraith conarthaí fostaíochta gearrthéarmacha rollacha nó sínte (Nóta 2)

NÓ

2.2.2.3 aon mheascán de 2.2.2.1 agus 2.2.2.2 thuas.

Tabhair faoi deara iad seo a leanas le do thoil:

Nóta 1: Má chomhlánaítear faoi 2.2.2, bainfear an coinníoll in FIC (agus coinníoll *Droichead*) ar chur isteach agus ar ghlacadh le Foirm B chomhlánaithe. Ba chóir Foirm B ar leith a chomhlánú do gach scoil ina ndearnadh FIC.

Nóta 2: Beidh deimhniú ó phríomhoide na scoile ag teastáil ó mhúinteoirí a dhéanann iarratas ar chomhlánú FIC faoi 2.2.2 thuas maidir leis na conarthaí/tairiscintí fostaíochta faoinar fostaíodh an múinteoir.

Nóta 3: Sa chás nach bhfuil coinníoll Chlár na gCeardlann Ionduchtaithe comhlíonta, fanfaidh sé seo ar chlárú an mhúinteora agus ní mór é a chomhlíonadh.

Nóta 4: Tá suímh incháilithe le haghaidh iar-bhunscoileanna leagtha amach i Roinn 2.1.2 (*Droichead*) agus 3.2.1 (FIC) de Nósanna Imeachta agus Critéir um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta 2023/2024.

Nóta 5: D'fhéadfadh go n-áireofaí ar an bhFoirm B(i) a chuirtear isteach uaireanta a cuireadh i gcrích sna scoilbhlianta roimh an scoilbhliain reatha agus/nó ar féidir leo teacht ó ilscoileanna.

2.3 *Droichead* i Socruithe Eile do Mhúinteoirí Iar-bhunscoile

Is féidir le múinteoirí cláraithe iar-bhunscoile ar mian leo *Droichead* a chríochnú i suímh eile é sin a dhéanamh má chomhlíontar na critéir go léir seo a leanas:

- 2.3.1 Is Lárionad Oideachais é ina múintear ábhar curaclaim iar-bhunscoile agus tá sé i dteideal scoláirí a chur isteach do scrúduithe stáit srl., sa tSraith Shóisearach nó i scrúduithe na hArdteistiméireachta.
- 2.3.2 Tá ábhar curaclaim iar-bhunscoile á mhúineadh ag an MNC m.sh. ábhair sa tSraith Shóisearach nó san Ardteistiméireacht (ATF agus GCAT san áireamh) agus tá freagracht iomlán aige as ullmhúcháin do scrúduithe stáit.
- 2.3.3 Is múinteoir cláraithe iar-bhunscoile an príomhchomhordaitheoir.
- 2.3.4 Tá an FTG comhdhéanta de mhúinteoirí iar-bhunscoile cláraithe.

Tabhair faoi deara iad seo a leanas le do thoil:

Nóta 1: Ba cheart faisnéis bhreise agus treoir maidir le hincháilitheacht agus oiliúint FTG a lorg ón CNIM sula gcuirtear tús leis an bpróiseas trí ríomhphost a chur chuig info@teacherinduction.ie.

Nóta 2: Má chuirtear *Droichead* i gcrích, bainfear coinníoll *Droichead* agus coinníollacha traidisiúnta FIC agus Ceardlanna Ionduchtaithe más cuí, ar Fhoirm chomhlánaithe D ar líne a chur isteach agus a ghlacadh.

3 Clár Ceardlainne Ionduchtúcháin (Bunscoil & Iar-bhunscoil)

3.1 Droichead Píolótach nó Promhadh/FIC críochnaithe ach Clár na gCeardlanna Ionduchtúcháin amuigh

Ní mór d'aon mhúinteoir a chríochnaigh próiseas *Droichead* roimh an 01 Meán Fómhair 2016 (is é sin, le linn phróiseas píolótach *Droichead*), nó próisis thraidisiúnta Promhaidh/FIC ach go bhfuil coinníoll Chlár na gCeardlann ionduchtaithe amuigh, ceanglas Chlár na gCeardlann ionduchtaithe a chomhlíonadh. Ní bhaineann an chuid seo le múinteoirí nach bhfuil an coinníoll maidir le Clár Ceardlainne Ionduchtaithe acu.

D'fhéadfadh múinteoirí rogha a dhéanamh idir dhá rogha. Rogha A – is féidir leo roghnú ó shraith de cheardlanna ar líne atá ar fáil trí thairseach foghlama ar líne de chuid Rannán Ionduchtaithe Droichead <https://onlinelearning.teacherinduction.ie>. Mar mhalairt air sin, le comhaontú na scoile, féadfaidh siad Rogha B a roghnú agus 14 uair an chloig de cheardlanna ar líne a chríochnú in éineacht le 6 huair an chloig d'fhoghlaim scoilbhunaithe a fhaigheann tacaíocht ó mheantóir oilte CNIM / ball iomlán oilte den FTG.

	ROGHA A	ROGHA B
	Gan Meantóireacht Scoilbhunaithe ar bith ó Mheantóir Oilte Chlár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí	Ag baint leasa as Meantóireachta Scoilbhunaithe le Meantóir oilte CNIM
Ceardlanna*	20 uair an chloig ar a laghad	Íosmhéid de 14 uair a chloig
Foghlaim Scoilbhunaithe Ináirithe**	N/B	Uasmhéid de 6 uair a chloig

*Tá ceardlanna ar fáil faoi láthair ar thairseach foghlama ar líne de chuid Rannán Ionduchtaithe Oide

Droichead <https://onlinelearning.teacherinduction.ie>

** Is gá go mbeadh meantóir oilte/ball FTG ag an scoil.

Le tuilleadh eolas ar chomhlánú Chlár Ceardlainne Ionduchtúcháin, féach ar thairseach foghlama ar líne de chuid Rannán Ionduchtaithe Droichead <https://onlinelearning.teacherinduction.ie>.

3.2 Clár Ceardlanna Ionduchtúcháin curtha i gcrích agus beartaithe *Droichead* a chríochnú

Ó Mheán Fómhair 2018, féadfaidh múinteoirí a chríochnaigh riachtanas an Chláir Ceardlainne Ionduchtaithe (20 uair) roimhe seo é seo a chur san áireamh má ghlacann siad páirt i bpróiseas *Droichead*. Beidh ar an múinteoir freastal ar Chnuaschruinniú 1 amháin anois agus ní bheidh air/uirthe gníomhaíocht foghlama gairmiúil eile a dhéanamh chun riachtanais Shnáithe B *Droichead* a chomhlíonadh.

Tabhair faoi deara iad seo a leanas le do thoil:

Nóta 1: Ní ghlacfar le hionadú Cnuaschruinnithe eile. Tá Cnuaschruinniú 1 ríthábhachtach chun *Droichead* a thabhairt chun críche mar go soiléiríonn sé an próiseas, na riachtanais agus na hionchais.

Nóta 2: Tá sé roghnach freastal ar Chnuaschruinnithe eile agus ar Ghníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla Breise agus is ceist don mhúinteoir agus don Fhoireann Tacaíochta Gairmiúil (FTG) í.

4 Pointí Ginearálta maidir le *Droichead*

- 4.1 Ní mór do mhúinteoirí atá ag gabháil do *Droichead* iarratas a dhéanamh ar phróiseas *Droichead* trí Logáil Isteach/Mo Chlárúchán ar shuíomh Gréasáin na Comhairle www.teachingcouncil.ie. Meastar go bhfuil tús curtha le próiseas *Droichead*, lena n-áirítear an tseirbhís incháilithe, ar dháta an iarratais. I gcúinsí eisceachtúla nuair a bhíonn moill le hiarratas a chur isteach, féadfar a mheas gur cuireadh tús leis an bpróiseas cúig lá oibre ar a mhéad roimh dháta an iarratais. Ní áireofar aon seirbhís a críochnaíodh roimh an dáta sin mar chuid den riachtanas seirbhíse incháilithe.
- 4.2 Ba chóir do mhúinteoirí faomhadh na scoile/FTG a lorg i gcónaí roimh iarratas a dhéanamh ar *Droichead*.
- 4.3 I gcúinsí eisceachtúla is féidir le múinteoir iarratas a dhéanamh ar phróiseas *Droichead* sa chás go bhfuil an chéad dá lá d'fhorbairt ghairmiúil FTG (oiliúint FTG) críochnaithe ag Foireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG). Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, go gceanglaítear ar an FTG an oiliúint FTG ar fad a bheith curtha i gcrích acu chun an próiseas a thabhairt chun críche (ní mór a bheith lánoilte). I gcúinsí mar seo, is féidir a mheas gur thosaigh seirbhís incháilithe an mhúinteora ar, nó i ndiaidh, an lá i ndiaidh don FTG an chéad dá lá de thraenáil FTG a dhéanamh, nó dáta an iarratais don phróiseas *Droichead* mar atá leagtha amach i bpointe 4.1 thuas, cibé acu atá níos déanaí.
- 4.4 Ní mór freastal ar chnuaschruinnithe laistigh den fhráma ama atá léirithe ar an iarratas. Ní bhreithneofar freastal ar chnuaschruinnithe roimh ríomhphost a fháil ag dearbhú gur glacadh le próiseas *Droichead*.
- 4.5 Níl ach baill lánoilte den FTG i dteideal Foirm D a shíniú. Tabhair faoi deara le do thoil, go gcaithfidh ar a laghad beirt bhall FTG láncháilithe an fhoirm a dhearbhaíonn críoch gach snáithe den phróiseas a shíniú.
- 4.6 Is í Foirm D ar líne an fhoirm ar cheart úsáid a bhaint aisti chun próiseas *Droichead* a thabhairt chun críche. Níor cheart Foirm A a chur isteach ach amháin má cuireadh próiseas píolótach *Droichead* i gcrích roimh an 31 Lúnasa 2016.
- 4.7 I gcás ina mian le scoileanna *Droichead a ofráil*, ní mór dóibh teagmháil a dhéanamh le Rannán Ionduchtúchán *Droichead* maidir le traenáil FTG agus na roghanna atá ar fáil. Is féidir le tuilleadh eolas a fháil ar roinn ionduchtúcháin *Droichead* de www.oide.ie nó trí ríomhphost a chur chuig droicheadinduction@oide.ie.
- 4.7 Maidir le múinteoirí a chríochnaigh cuid de *Droichead* le linn Chlár Phíolóta *Droichead*, tá feidhm fós ag na Socruithe Idirthréimhseacha a cuireadh i bhfeidhm roimhe seo.

An Chomhairle Mhúinteoireachta
An Chomhairle Mhúinteoireachta

Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad,
Maigh Nuad, Contae Chill Dara, W23
Y7X0, Éire

Guthán +353 1 651 7900

Ríomhphost info@teachingcouncil.ie
www.teachingcouncil.ie

An Chomhairle
Mhúinteoireachta 
The Teaching Council